2024/1729

17.6.2024

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (CBES) 2024/1729 ÓN GCOMHAIRLE

an 17 Meitheamh 2024

lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2010/231/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSomáil

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 31(2) de,

Ag féachaint do Chinneadh 2010/231/CBES ón gComhairle an 26 Aibreán 2010 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSomáil [1], agus go háirithe Airteagal 7 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 26 Aibreán 2010, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2010/231/CBES.

(2) An 21 Bealtaine 2024, d'fhormheas Coiste Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (UNSC), a bunaíodh de bhun Rún 2713 (2023) ó UNSC a bhaineann le Al-Shabaab, triúr a chur le liosta na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir bearta sriantacha.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2010/231/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2010/231/CBES i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 17 Meitheamh 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. MARON

[1] IO L 105, 27.4.2010, lch. 17

IARSCRÍBHINN

Cuirtear na daoine seo le liosta na ndaoine agus na n-eintiteas a leagtar amach i roinn 'I. Daoine' in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2010/231/CBES:

I. **Daoine**

'23. Abdikadir Mohamed Abdikadir (ar a dtugtar freisin: (a) Abdukadir (b) Abdukadir Mohamed Abdukadir (c) Abdulkadir (d) Abdulkadir Mohamed Abdulkadir (e) Ikrima)

Ainmniúchán: Ceannaire sinsearach Al-Shabaab

Dáta breithe: 1985

Náisiúntacht: an tSomáil, an Chéinia

Seoladh: an tSomáil

Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: an 21 Bealtaine 2024

Inscne: fireann

Faisnéis eile: Liostaithe de bhun mhír 26(b) de rún 2662 (2022): (i) páirt a ghlacadh i maoiniú, pleanáil, éascú, ullmhú, nó cur i gcrích gníomhartha nó gníomhaíochtaí atá á ndéanamh ag Al-Shabaab, i gcomhar le Al-Shabaab, faoi ainm Al-Shabaab, thar ceann Al-Shabaab, nó chun tacú le Al-Shabaab, agus (iii) earcú thar ceann Al-Shabaab, nó tacaíocht a thabhairt ar bhealach eile do ghníomhartha nó gníomhaíochtaí de chuid Al-Shabaab, nó de chuid aon chille, cleamhnaí, foghrúpa nó fréamhaí de.

24. Mohamed Mohamud Mire (ar a dtugtar freisin: Mohamed Mire)

Ainmniúchán: ball de Shura d'Al-Shabaab

Dáta breithe: (a) 1962 (b) 1960 (c) 1955

Áit bhreithe: Kismayo, an tSomáil

Náisiúntacht: an tSomáil

Seoladh: (a) Jilib, an tSomáil (b) Qunyo Barrow, an tSomáil

Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: an 21 Bealtaine 2024

Inscne: fireann

Faisnéis eile: Liostaithe de bhun mhír 26 de rún 2662 (2022): (a) a bheith páirteach i ngníomhartha nó tacaíocht a thabhairt do ghníomhartha ar bagairt iad ar shíocháin, slándáil nó cobhsaíocht na Somáile, lena n-áirítear gníomhartha ar bagairt iad ar an bpróiseas síochána agus athmhuintearais sa tSomáil, nó ar bagairt le forneart iad ar Rialtas Cónaidhme na Somáile ar Misean Aistrithe an Aontais Afracaigh sa tSomáil; agus (b)(i) páirt a ghlacadh i maoiniú, pleanáil, éascú, ullmhú nó cur i gcrích gníomhartha nó gníomhaíochtaí atá á ndéanamh ag Al-Shabaab, i gcomhar le Al-Shabaab, faoi ainm Al-Shabaab, thar ceann Al-Shabaab, nó chun tacú le Al-Shabaab.

25. Mohamed Omar Mohamed (ar a dtugtar freisin: (a) Ma'd Umurow (b) Mohamed Omar Haji (c) Mohamed Omar Ma'alin (d) Mohamed Haji Omar)

Ainmniúchán: Ceannaire (Wali) ar an ngrúpa Al-Shabaab in Diinsor

Dáta breithe: 1976

Áit bhreithe: Sráidbháile Taflow, Ceantar Berdaale, Réigiún Bay, an tSomáil

Náisiúntacht: an tSomáil

Seoladh: (a) Ceantar Diinsor, Réigiún Bay, an tSomáil (b) Ceantar Buur Hakaba, Réigiún Bay, an tSomáil

Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: an 21 Bealtaine 2024

Inscne: fireann

Faisnéis eile: Liostaithe de bhun mhír 26(b) de rún 2662 (2022): (i) páirt a ghlacadh i maoiniú, pleanáil, éascú, ullmhú nó cur i gcrích gníomhartha nó gníomhaíochtaí atá á ndéanamh ag Al-Shabaab, i gcomhar le Al-Shabaab, faoi ainm Al-Shabaab, thar ceann Al-Shabaab, nó chun tacú le Al-Shabaab; agus (iii) earcú thar ceann Al-Shabaab, nó tacaíocht a thabhairt ar bhealach eile do ghníomhartha nó gníomhaíochtaí de chuid Al-Shabaab, nó de chuid aon chille, cleamhnaí, foghrúpa nó fréamhaí de.'